2026/1371

24.6.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1371 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Meitheamh 2026

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach (GFR) de thionscnamh Bhairéin, na hÉigipte agus na Téalainne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1], agus go háirithe Airteagal 9 agus Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 ón gCoimisiún [2], d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach (GFR) de thionscnamh Bhairéin, na hÉigipte agus na Téalainne.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 ón gCoimisiún [3], d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála frithchúitimh ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte.

(3) Agus Rialachán (AE) 2026/831 á chur chun feidhme, thug na húdaráis chustaim náisiúnta faoi deara nár léiríodh go hiomlán sa tuairisc ar an táirge a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 an raon táirgí mar a shainmhínítear san imscrúdú agus mar a thuairiscítear in aithris (49) den Rialachán sin. Tharla sé sin mar gheall ar earráid dréachtaithe sa chuid oibríochtúil den Rialachán. Dá bhrí sin, ba cheart an tuairisc ar an táirge in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 a cheartú chun í a ailíniú le raon feidhme an imscrúdaithe, mar a leagtar amach in aithris (49) den Rialachán sin.

(4) I bhfianaise a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún an tuairisc ar an táirge a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 a cheartú.

(5) Thug na húdaráis chustaim náisiúnta faoi deara freisin maidir leis na cóid bhreise TARIC a shanntar i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 d'allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte, i gcás an aon táirgeoir onnmhairiúcháin sonrach amháin agus i gcás gach allmhaire eile araon, nach gcomhfhreagraíonn siad do na cóid bhreise TARIC a shanntar don táirgeoir onnmhairiúcháin céanna agus do gach allmhaire eile i gcás an táirge céanna i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870.

(6) I bhfianaise a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún na cóid bhreise TARIC in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 a cheartú chun iad a ailíniú leo siúd a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 agus chun cur chun feidhme cuí na mbeart a áirithiú.

(7) Ba cheart éifeacht a bheith ag na ceartúcháin ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2026 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach (GFR) de thionscnamh Bhairéin, na hÉigipte agus na Téalainne (IO L, 2026/831, 15.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/831/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht frithchúitimh shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, agus lena dtoibhítear an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte arna gclárú (IO L 201, 25.6.2020, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/870/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/831 cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de shnáitheanna snáithín gloine mionghearrtha, nach bhfuil níos faide ná 50 mm; caisirníní snáithíní gloine, seachas caisirníní snáithíní gloine atá tuilte agus brataithe agus ar mó ná 3 % a gcaillteanas ar a n-adhaint (arna chinneadh le Caighdeán ISO 1887); agus mataí atá déanta as filiméid snáithín gloine seachas mataí olla gloine, a thagann faoi láthair faoi chóid AC 7019 11 00, ex 7019 12 00 (cóid TARIC 7019 12 00 22, 7019 12 00 25, 7019 12 00 26, 7019 12 00 39), 7019 14 00 agus 7019 15 00 agus ar de thionscnamh Bhairéin, na hÉigipte agus na Téalainne iad.

Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Bairéin	CPIC Abahsain Fiberglass W.L.L.	11,8 %	89XI
	Gach allmhaire eile de thionscnamh Bhairéin	11,8 %	8999
An Éigipt	Jushi Egypt for Fiberglass Industry S.A.E.	11,0 %	C540
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na hÉigipte	11,0 %	C999
An Téalainn	Asia Composite Materials (Thailand) Co., Ltd.	25,4 %	89XJ
	Wanda New Material (Thailand) Co., Ltd.	15,3 %	89XK
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Téalainne	25,4 %	8999'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Aibreán 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN